



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Leictreachas, Tonnta agus Cumarsáid
Modúl 5

Ardsraith

[GSC52]



DÉARDAOIN 24 FEABHRA 2011, MAIDIN

AM

45 nóméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	

Marc Iomlán	

1 Taispeánann an léaráid thíos cumhachtstáisiún hidrileictreach.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© CCEA GCSE Single Award Science Foundation Tier by A McFarland, C Murphy & J Napier, page 107, published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340974728. "Reproduced by permission of Hodder Education".

- (a) (i) Is foinse in-athnuaithe fuinnimh é cumhacht hidrileictreach.

Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin lena mhíniú ina ionmláine cad chuige ar foinse in-athnuaithe fuinnimh é cumhacht hidrileictreach.

[2]

- (ii) De ghnáth, is i limistéar sléibhtiúil a thógtar cumhachtstáisiún hidrileictreaca. Luagh fáth **amháin** le cad chuige.

[1]

- (iii) Ainmnigh **dhá** foinse in-athnuaithe fuinnimh eile.

 agus

[1]


- (b) Déan cur síos agus tabhair míniú ar mhíbhuntáiste **amháin** don timpeallacht a bhaineann le cumhachtstáisiún hidrileictreaca.

[2]

- (c) Taispéanann an léaráid seo thíos an dóigh a mbíonn tuirbín agus gineadóir ag feidhmiú.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© GCSE Single Award Science for CCEA by T Laverty, J Napier & R White, page 204, published by Hodder Education, 2006, ISBN 9780340926000. "Reproduced by permission of Hodder Education".

Mínigh ina hiomláine an dóigh a dtáirgeann an tuirbín agus an gineadóir leictreachas.

[3]

- 2 (a) Taispeánann na pictiúir thíos seomra folctha agus seomra leapa.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© George Doyle/Stockbyte/Thinkstock




© istockphoto/Thinkstock

Beidh fuaim níos láidre le do ghuth sa seomra folctha ná sa seomra leapa. Cad chuige, dar leat?

[3]

- (b) Is féidir ultrafhuaim a úsáid le doimhneacht a thomhas agus le héisc a aimsiú mar a léirítear sa léaráid thíos.



Is é atá i gceist leis na hamanna sa léaráid ná an **t-am athfhille** don ultrafhuaim agus is é 1500 m/s luas fuamie in uisce.

Úsáid an chothromóid:

$$\text{luas} = \frac{\text{fad}}{\text{am}}$$

len a fháil amach cé chomh hard is atá na héisc os cionn ghrinneall na farraige.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Freagra _____ m [4]

- 3 Fágann cuibheoir mcreascagaire gur féidir ríomhaire agus teileafón araon a cheangal isteach i líne theileafóin amháin a rinneadh as copar.

Tá cáblaí snáthoptaice in úsáidanois in áit na línte teileafóin chopair seo.

- (a) Déan cur síos agus tabhair míniú ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le cáblaí snáthoptaice.

[2]

- (b) Is féidir ceachtar acu comhartha digiteach nó comhartha analógach a úsáid le faisinéis a sheoladh.

- (i) Cuir síos ar gach ceann den dá chineál comhartha.

[2]

- (ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le comharthaí digiteacha.


[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Taispeánann an léaráid thíos cad é mar is féidir faisnéis a sheoladh idir dhá ghuthán póca.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© CCEA GCSE Single Award Science Foundation Tier by A McFarland, C Murphy & J Napier, page 113,
Published by Hodder Education, 2009. ISBN 9780340974728. "Reproduced by permission of Hodder Education".

- (i) Ainmnigh an cineál de thonn leictreamaighnéadach a bhíonn ag taisteach idir an crann agus an guthán.

[1]


- (ii) Cén t-ainm a thugtar ar an limistéar thart timpeall crainn?

[1]

- 4 Chuir daltaí an ciorcad seo thíos i dtreoir le fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil friotaíocht sreinge ag brath ar an fhad.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



Chuir na daltaí sreanga dar fad difriúil isteach sa chiorcad. Tá na torthaií sa tábla thíos.

Fad/m	Voltas/V	Sruth/A	Friotaíocht/óim
0.5	4	2.0	2.0
1.0	4	0.9	4.5
1.5	4	0.6	6.5
2.0	4	0.4	9.0
2.5	4		11.5

(a) Úsáid an chothromóid:

$$\text{Friotaíocht} = \frac{\text{Voltas}}{\text{Sruth}}$$

leis an sruth a bhíonn ag sreabhadh tríd an tsreang dar fad
2.5 m a riomh.


Taispeán do chuid oibre.

_____ A [2]

(b) Tarraing líneágraf de fhriotaíocht ar fhad ar an eangach seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



[3]

(c) Seachas an voltas, luaigh dhá rud eile a chaithfear a choinneáil mar an gcéanna san fhiorsú seo le go mbeidh triail chothrom ann.

1. _____

2. _____ [2]

(d) Luaigh an treocht atá á léiriú ag tortaí an fhiorsaithe seo.


[1]

(e) Cad é mar a gheobhadh na daltaí tortaí is iontaofa?

[1]

- 5 Taispeánann an léaráid thíos dhá bholgán chomhionanna atá sraithcheangailte.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (a) (i) Tarraing saighead ar an léaráid lena thaispeáint cén treo a bhfuil an gnáthshruth ag sreabhadh.

[1]

- (ii) Do chuid eolais féin ar structhúr adamhach in úsáid, déan cur síos agus tabhair míniú ar an difear idir gnáthshruth agus sreabhadh iarbhír srutha.

[3]

- (b) Úsáid na léamha méadair seo thíos le costas an leictreachais a ríomh do theaghlach.

Is é 15p in aghaidh an aonaid costas leictreachais.

4 0 9 4 8

léamh
faoi láthair

3 9 6 6 6


léamh
roimhe

Costas = _____ [2]

6 (a) Taispeánann an léaráid thíos súil an duine.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© GCSE Single Award Science for CCEA by T Laverty, J Napier & R White, page 224, published by Hodder Education, 2006. ISBN 978330926000. "Reproduced by permission of Hodder Education".

- (i)** Ainmnigh an cineál lionsa a bhíonn sa tsúil.

[1]


- (ii)** Cuir síos ina ionmláine cad é a tharlóidh do ghathanna comhthreomhara solais de réir mar a bhíonn siad ag dul tríd an chineál seo lionsa.

[2]

- (iii)** Baineann fadhb choitianta le radharc na súl nuair atá an lionsa ró-lag. Ainmnigh an fhadhb radharc súl seo.

[1]

- (b) Taispeánann an pictiúr thíos frithchaiteoirí rothair.



Pictiúr de fhrithchaiteoirí rothair

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Mínigh ina iomláine, i dtéarmaí frithchaithimh inmheánaigh iomlán, cad é mar a bhíonn na frithchaiteoirí rothair seo ag feidhmiú.

[3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.